NCCA
National Council for Curriculum and Assessment
An Chomhairle Náisiúnta Curaclaim agus Measúnachta

Conas cabhrú le do pháiste tosú ag léamh agus ag scríobh

Ón lá ar saolaíodh é/í, tá tú ag múineadh dod'pháiste conas cumarsáid a dhéanamh. Trí bheith ag labhairt nó ag éisteacht le do pháiste, ag léamh dó nó di, ag tarraingt airde ar fhocail agus ar fhógraí sa bhaile agus nuair a bhíonn sibh lasmuigh, téann do pháiste i dtaithí ar chúrsaí teanga, idir theanga béil agus teanga scríofa. Nuair a bhíonn sibh ag súgradh le chéile, foghlaimíonn sé nó sí focail nua agus foghlaimíonn sé/sí conas a smaointe agus a m(h)othúcháin a chur in iúl. Mar shampla, a bheith ag ligean air nó uirthi gur altra nó siopadóir é nó í, ag scriobláil ar pháipéar athchúrsáilte nó ag féachaint ar leabhair phictiúir, cabhraíonn siad sin uile le do pháiste caint, éisteacht, léamh agus scríobh. Fiú nuair a thosaíonn an páiste ar scoil, beidh ról tábhachtach agatsa cuidiú leis nó léi. **Seo roinnt noda duit faoi conas sin a dhéanamh**.

- Éist le do pháiste. Claon do cheann nó bíodh aghaidh shona ort chun spéis a léiriú. Déan iarracht gan cur isteach ar an bpáiste agus í/é ag caint.
- Spreag do pháiste chun labhairt leat faoina spéiseanna: *cairde, breágáin, cineálacha caitheamh aimsire nó rudaí a dhéanann sí/sé ar scoil*.
- Bain taitneamh as bheith ag éisteacht agus ag caint le do pháiste. Bain triail as: *bheith ag éisteacht le hamhráin agus rainn do pháistí agus á gcanadh*.
- Imir cluichí: *feicim le mo shúilín beag rud éigin a thosaíonn leis an bhfuaim "m"* nó *rud éigin a bhfuil ceithre chos agus eireaball air*.
- Déan leabhar le do pháiste agus úsáid focal agus pictiúr, m.sh.: *mo Theaghlach nó Na rudaí is ansa liom.* Bain úsáid as grianghraif, seanchártaí breithlae nó gearrthóga ó irisí.
- Bain taitneamh as leabhair i dteannta a chéile. Tarraing aird do pháiste ar na rudaí seo: *beir ar an leabhar ar an tslí cheart, iompaigh na leathanaigh, bog do mhéar ón chlé go deas, déan ceangal idir focail agus pictiúir*. Cuir ceisteanna: *Céard...? Cathain...? Cén fáth...? Abair go raibh ...?*
- Bíodh an súgradh sa bhaile bunaithe ar théamaí uaireanta: *oifig (seanfón, páipéar agus pinn/pinn luaidhe)* nó *siopa (bianna, éadaí chun gléasadh suas iontu, bróga, scipéad bréige, peann luaidhe, páipéar)*.
- Bain taitneamh as a bheith ag gearradh, ag gliúáil agus ag greamú le do pháiste.
- Cabhraigh le do pháiste: *marcanna a dhéanamh, patrúin a rianú agus a chóipeáil, dathú, tarraingt nó fiú scríobh ina b(h)ealach féin.* Bain úsáid as *pinnluaidhe, criáin, cailc nó marcóirí.* Déan iarracht litreacha a dhéanamh le taos súgartha nó i ngaineamh. Cum liosta de rudaí le déanamh, déan cártaí buíochais nó comhartha do sheomra leapa an pháiste.

- Dírigh aird an pháiste ar phictiúir, ar chomharthaí, ar litreacha agus ar fhocail agus sibh amuigh le chéile: '*Cosc ar mhadraí' (sa pháirc)* nó *'Bailiú bagáiste' (san aerfort)*.
- Tabhair cuairt ar an leabharlann. *Roghnaigh leabhair le chéile, féach orthu agus pléigh a bhfuil iontu*.
- Lig dod' pháiste tú a fheiceáil ag léamh irisí nó leabhar agus ag scríobh litreacha, ríomhphost nó liostaí siopadóireachta.